# #ThinkLanguages Week
## Think Global Act Local

Féile Idirbhliana Teangacha agus Cultúr
Lámhleabhar Pleanála
18-22 Samhain 2024

Languages Connect

languagesconnect.ie

# Clár


| | |
|---|---|
| Fáilte go Seachtain #ThinkLanguages 2024! | 1 |
| Mar a Oibríonn #ThinkLanguages | 2 |
| Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁitiúil | 4 |
| Achoimre ar Phleanáil don Fhéile | 4 |
| **Céim 1** Earcaigh Foireann Seaimpíní | 6 |
| **Céim 2** Déan Iniúchadh ar | 8 |
| • Acmhainní pleanála | 8 |
| • Acmhainní Promóisin | 9 |
| • Acmhainní Cláir | 10 |
| • Ceardlanna ar Líne | 11 |
| • #ThinkLanguages ar Champas | 12 |
| • #ThinkLanguages ag an bPictiúrlann | 14 |
| **Céim 3** Déan Plean agus Cuir Chun Cinn é | 16 |
| **Céim 4** Beachtaigh an Clár agus cuir isteach ar an gComórtas | 18 |
| • Buaigh turas go dtí an Bhruiséil | 20 |
| **Céim 5** Bain sult as Seachtain #ThinkLanguages | 22 |


Smaoinigh ar Eispéiris Saoil Níos Fearr #ThinkLanguages

Smaoinigh ar Scileanna Saoil Feabhsaithe #ThinkLanguages

Smaoinigh ar Dheiseanna Oibre Domhanda #ThinkLanguages

Smaoinigh ar Ghrúpa Cairde Níos Leithne #ThinkLanguages

Faigheann #ThinkLanguages maoiniú iomlán ón Roinn Oideachais, agus tá sé á stiúradh ag Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, mar chuid de Languages Connect – Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017–2026.

# Fáilte chuig Seachtain #ThinkLanguages 2024!

Go raibh maith agat as clárú do #ThinkLanguages 2024! Is é seo an seachtú bliain den imeacht agus tarlóidh an ceiliúradh ón **18 Luan go dtí an 22 Aoine Samhain 2024**.

Tá foireann #ThinkLanguages ag súil le tacaíocht a thabhairt duit. Is treoir chéim ar chéim é an lámhleabhar seo do na hacmhainní agus do na tacaí ar fad atá ar fáil duit chun féile spreagúil teangacha agus cultúr a chruthú in bhur scoil.

## Seo thíos aidhmeanna Sheachtain #ThinkLanguages:

- Teangacha a cheiliúradh le chéile i scoileanna, in ollscoileanna agus in eagraíochtaí ar fud na tíre
- Tacaíonn sí le múinteoirí spás a chruthú i bhféilire na scoile chun teangacha a chur chun cinn, mar aon le léiriú a dhéanamh ar an méid atá ar fáil mar gheall orthu lasmuigh den scoil
- Spreagann sí scoláirí na hIdirbhliana maidir le teangacha agus cultúir thart orthu taobh istigh den scoil, den phobal níos leithne agus ar fud an domhain
- Cuireann sí ionchuimsiú chun cinn in éineacht leis na buntáistí pearsanta, sóisialta, gairmiúla, agus cultúrtha go léir
- Spreagann sí scoláirí Idirbhliana chun teangacha a roghnú ag an tsraith shinsearach agus ag oideachas tríú leibhéal
- Spreagann sí teagmháil leis an bpobal áitiúil chun iad a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le scileanna teanga

## I do Phacáiste Tosaigh tá:

- Lámhleabhar pleanála
- Póstaeir
- Láinnéir le ceangal ar Chártaí Tascanna Fhoireann na Seaimpíní
- Bileoga páirtí
- Bileog do scoláirí le clárú

Scan cód QR chun tuilleadh a fhoghlaim faoi #ThinkLanguages

### Teacher Tip

Má tá tú páirteach in #ThinkLanguages, tacóidh sé le forbairt na scileanna tábhachtacha atá ag scoláirí don tsraith shinsearach, na scileanna seo san áireamh: próiseáil eolais, a bheith éifeachtach go pearsanta, cumarsáid, smaointeoireacht chriticiúil chruthaitheach, agus ag obair le daoine eile.

### Buaigh turas go dtí an Bhruiséil!

Tá deis agat féin agus ag Foireann Scoláirí Seaimpíní #ThinkLanguages turas a bhuachan go dtí an Bhruiséil, a bhuíochas lenár gcairde sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Féach lch 20.

A Career for EU
Gairm san AE

# Mar a oibríonn #ThinkLanguages

## Is imeacht é #ThinkLanguages do gach scoláire Idirbhliana, is cuma má chuidíonn siad lena eagrú nó má tá siad rannpháirteach sa cheiliúradh.

### Baineann sé go léir le hobair foirne

Ar nós na bhféilte móra uile, baineann #ThinkLanguages le hobair foirne. Táimid ag iarraidh ar Chomhordaitheoirí Idirbhliana, Cinn Bhliana Idirbhliana, Scoláirí Idirbhliana, Múinteoirí NTI, agus gach duine ar fhoireann na scoile oibriú le chéile chun féile scoile teangacha agus cultúr a chruthú i rith na seachtaine **18 Luan go 22 Aoine Samhain 2024**.

Ceap Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages, mar aon le  Maoirseoir Foirne (Comhordaitheoir Idirbhliana nó Múinteoir NTI) le cuidiú leis na scoláirí an t-imeacht a eagrú.

### Táimid anseo le cuidiú leat

Beidh Foireann #ThinkLanguages ag tabhairt amach pacáistí féile agus tacaí eile chun cuidiú le rath an lae! Má tá ceist ar bith agat agus an phleanáil don fhéile ar siúl agat, déan teagmháil leis an bhfoireann ag **thinklanguages@ppli.ie** nó postáil teachtaireacht ar an ngrúpa Facebook.

### Acmhainní saor in aisce



Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin méid atá ar fáil agus inspioráid a fháil don fhéile ar ár suíomh gréasáin languagesconnect.ie/thinklanguages

Buaicphointí ó imeachtaí #ThinkLanguages roimhe seo, pleanálaithe is féidir a íoslódáil, noda agus cleasanna, nuacht agus uasdátú ar imeacht na bliana seo agus go leor eile ar fáil!

Scan an cód QR agus faigh inspioráid!

### Bain ballraíocht amach ar ár ngrúpa Facebook

Tá grúpa Facebook ar fáil do mhúinteoirí mar spás chun inspioráid a fháil, chun smaointe a roinnt, agus chun ceisteanna a chur.

Cuardaigh grúpa #ThinkLanguages 2024 ar Facebook chun a bheith páirteach i bpobal na múinteoirí atá ag pleanáil a bhféile féin #ThinkLanguages. Cuardaigh #ThinkLanguages ar X chun tuairim a fháil ar an méid atá déanta ag scoileanna eile.

Beidh Languages Connect X, Instagram agus Facebook gnóthach le gníomhaíochtaí agus uasdátuithe, agus mar sin, lean muid chun fáil amach conas a dhéanann scoileanna eile ceiliúradh ar **#ThinkLanguages 2024**.

Scan an cód QR chun bheith páirteach sa ghrúpa ar Facebook

**Aimsigh sinn ar na meáin shóisialta.**

- @LanguagesConnect.ie
- @langsconnect_ie
- @languagesconnect
- youtube.com/languagesconnect

# Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁitiúil

**Is deis é #ThinkLanguages smaoineamh go domhanda agus gníomhú go háitiúil. Gach bliain, bíonn iontas ar scoláirí Idirbhliana agus ar mhúinteoirí fáil amach cé mhéad teanga atá thart orthu nuair a léiríonn scoláirí eile agus comhghleacaithe scileanna teanga nach raibh a fhios acu fúthu roimhe sin.**

## Faigh inspioráid ónár dtéamaí

Ba chóir go bhfaigheadh do fhéile inspioráid ó théamaí #ThinkLanguages. Nuair a smaoiníonn scoláirí ar bhuntáistí teangacha, aithníonn siad gur féidir leo:

## Dátaí Tábhachtacha

- **Lár mhí Mheán Fómhair:** Seisiúin Eolais #ThinkLanguages Ar Líne
- **Lár mhí Dheireadh Fómhair:** Pobal Cleachtais #ThinkLanguages Ar Líne
- **25 Aoine, Deireadh Fómhair:** Spriocdháta don Chomórtas
- **18-22 Samhain:** Seachtain #ThinkLanguages

Beidh dátaí cinntithe do na seisiúin ar líne ar fáil ar ár suíomh gréasáin, ar ár gcainéil shóisialta agus cuirfear ar ríomhphost chuig scoileanna cláraithe iad fosta.

**Smaoinigh ar Scileanna Saoil Feabhsaithe #ThinkLanguages**

### Cur le scileanna dá saol

Ní scileanna teanga amháin atá i gceist, ach réiteach fadhbanna, comhthuiscint, tuiscint ar éagsúlacht agus a lán scileanna eile.

**Smaoinigh ar Eispéiris Saoil Níos Fearr #ThinkLanguages**

### Eispéiris saoil níos fearr a bheith acu

Bíonn deis ag scoláirí teanga an saol i dtír eile a bhlaiseadh agus iad ag staidéar ann, agus iad féin a thumadh i gcultúir eile.

**Smaoinigh ar Ghrúpa Cairde Níos Leithne #ThinkLanguages**

### Níos mó cairde a fháil

Osclaíonn tuiscint ar theangacha an intinn, rud a chuidíonn linn nascadh le daoine, sa bhaile agus thar lear.

**Smaoinigh ar Dheiseanna Oibre Domhanda #ThinkLanguages**

### Deiseanna oibre domhanda a fháil

Seans go mbeidh na deiseanna seo in Éirinn nó thar lear, ag cur ghnóthaí nó eagraíochtaí Éireannacha chun cinn, nó ag comhoibriú le comhghleacaithe idirnáisiúnta.

# Achoimre ar Phleanáil don Fhéile

## Céim 1 — Earcaigh Foireann Seaimpíní

- Scaip an scéal agus spreag do chuid scoláirí Idirbhliana do #ThinkLanguages
- Ceap Foireann Seaimpíní
- Tabhair róil don Fhoireann Seaimpíní
- Féach ar lgh 6-7 chun tuilleadh sonraí a fháil

## Céim 2 — Déan iniúchadh ar acmhainní agus ar thacaí

- Déan athbhreithniú leis an bhFoireann Seaimpíní ar na tacaí atá ar fáil do Sheachtain #ThinkLanguages
- Faigh amach cad atá ar fáil ó pháirtithe iontacha na bliana seo
- Earcaigh cainteoirí ó do scoil féin agus ón bpobal áitiúil
- Féach ar lgh 8-15 chun tuilleadh sonraí a fháil

## Céim 3 — Déan plean agus cuir chun cinn é

- Pléigh gnéithe agus riachtanais na féile – ceardlanna, gníomhaíochtaí agus cainteoirí áitiúla san áireamh
- Déan plean conas pacáiste imeachta #ThinkLanguages a úsáid, mar beidh réimse ábhar agus tacaí don fhéile ann
- Cuir suas póstaeir, cuir an t-imeacht chun cinn ar na meáin shóisialta, agus tabhair cuireadh don phreas nó raidió áitiúil teacht chuig an bhféile
- Féach ar lgh 16-17 chun tuilleadh sonraí a fháil

## Céim 4 — Beachtaigh an clár agus cuir isteach ar an gcomórtas

- Déan cinntí deireanacha faoin méid a bheidh san áireamh san fhéile
- Ullmhaigh an clár
- Líon isteach an fhoirm iontrála don chomórtas Foireann Seaimpíní!
- Féach ar lgh 18-21 chun tuilleadh sonraí a fháil

## Céim 5 — Bain sult as Seachtain #ThinkLanguages

- Tosaigh ceiliúradh #ThinkLanguages lenár Searmanas Oscailte ar líne
- Cuir fáilte roimh na haíonna agus na cainteoirí
- Glac grianghraif agus roinn na gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta
- Féach ar lgh 22-23 chun tuilleadh sonraí a fháil


Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages








Think Improved
Wellbeing
#ThinkLanguages
Think Global
Work Opportunities

## Céim 1

# Earcaigh Foireann Seaimpíní

### Roghnaigh Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages le cuidiú le heagrú fhéile na scoile.


#ThinkLanguages Week
TY Festival of Languages and Cultures
18–22 November 2024

Be in with a chance to win a trip to Brussels!

Be part of the #ThinkLanguages Champion Team!

Calling all TYs – Do you want to help organise your very own TY festival that brings languages to life through a cool lineup of films, quizzes, interactive live workshops and more, all for your classmates to enjoy? Do you want to be in the running to win **an incredible trip to Brussels while doing it? Now's your chance!**

Register your interest in getting involved in this year's #ThinkLanguages Champion Team by signing up here. There are a range of roles needed to make your TY event a success, from Marketing and Social Media Manager to Production Manager and a brilliant Champion Team Captain!

Showcase your skills, discover vibrant cultures and inspire others to embrace the power of languages!

**Speak to your TY Coordinator or Language Teacher** to find out more about #ThinkLanguages and what's involved.

Add your name below

Languages Connect

languagesconnect.ie

#### Iarr ar na scoláirí le páirt a ghlacadh!

Is bealach iontach é #ThinkLanguages le scoláirí a spreagadh le bheith gníomhach in imeacht scoile. Tugann sé deis dóibh a gcuid smaointe a bheoú agus a rian a fhágáil ar an lá.

Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages, mar aon le tacaíocht ó Mhaoirseoir Fhoireann #ThinkLanguages (Múinteoir/Comhordaitheoir Idirbhliana), eagróidh siad gach gné de reáchtáil na féile. Tá bileog chláraithe sa phacáiste tosaigh agus cuideoidh sí leat baill foirne a earcú.

Tá a lán ról le líonadh agus beidh gach cineál tallainne riachtanach! Molaimid duit iarraidh ar mhúinteoirí eile a bheith páirteach fosta chun rath an lae a chinntiú.

Is féidir na nithe seo a íoslódáil ónár suíomh gréasáin ag **languagesconnect.ie/thinklanguages**:

- Bileog chláraithe
- Cártaí tascanna Foireann Seaimpíní, agus eile

#### Rannpháirtíocht a chumasú

Nuair a ghlacann scoláirí páirt ghníomhach i bpleanáil imeachtaí, mothaíonn siad úinéireacht agus bród, éiríonn siad gafa léi agus spreagtha san fhoghlaim. Cuirtear lena dtuiscint agus spreagtar treallús nuair a ghlacann siad smacht ar thascanna.

#### Buntáistí don Scoil agus do Scoláirí Idirbhliana

Na scoileanna a ghlac páirt in #ThinkLanguages go rialta tuairiscíonn siad go gcuireann sé fuinneamh breise i bhfoghlaim teanga agus go gcuidíonn sé le cur chun cinn go leor de na cultúir atá sa scoil.

Deir scoláirí Idirbhliana go dtugann foghlaim teangacha nua agus cultúir nua taithí saoil níos leithne dóibh. Mhothaigh scoláirí eile bródúil go raibh siad ábalta a dteanga agus a gcultúr a roinnt lena gcomhscoláirí.

Tugann sé deis do bhaill Foireann Seaimpíní scileanna ceannaireachta a fhorbairt, agus iad ag obair ar chlár cuimsitheach imeachtaí a chur ar fáil do na scoláirí eile. Oibríonn baill foirne le chéile agus glacann siad ceannaireacht ar réimsí éagsúla den imeacht.

Scan an cód QR chun teacht ar fhíseán faoin bhFoireann Seaimpíní a earcú.

## Tá na nithe seo i do phacáiste tosaigh #ThinkLanguages – bileog chláraithe do scoláirí, cárta tascanna agus láinnéir.




## Foireann Seaimpíní agus cártaí tascanna

Roghnaigh seisear scoláirí ar a mhéad don Fhoireann Seaimpíní. Tá na cártaí tascanna ar chúl an lámhleabhair, agus tá róil agus freagrachtaí molta don seisear ball Fhoireann Seaimpíní ann. Níl sna tascanna molta ar na cártaí ach treoir – seans go mbeidh go leor smaointe éagsúla agat féin fosta!


Is féidir na cártaí tascanna a cheangal leis an láinnéar, atá san áireamh sa phacáiste tosaigh, agus iad a thabhairt do bhaill na Foirne Seaimpíní.

## Céim 2

# Déan iniúchadh ar Acmhainní

**Glac roinnt ama leis an bhFoireann Seaimpíní chun iniúchadh a dhéanamh ar na hacmhainní ó Fhoireann #ThinkLanguages agus ó pháirtithe #ThinkLanguages. Na hacmhainní atá sonraithe ar na leathanaigh seo cuideoidh siad leat pleanáil a dhéanamh, an tseachtain a chur chun cinn, agus sult a bhaint as an tSeachtain #ThinkLanguages is fearr i do scoil. Tá tacaíocht iontu daoibh rannpháirtíocht a bhunú le páirtithe #ThinkLanguages.**




# Acmhainní a Phleanáil

**Tugann na hacmhainní pleanála deiseanna ceisteanna a chur, smaointe a roinnt agus inspioráid a fháil ó dhaoine eile.**

### Do mhúinteoirí

- **Grúpa Facebook do mhúinteoirí**: Bí i do bhall den ghrúpa Facebook, áit ar féidir le múinteoirí smaointe a roinnt, ceisteanna a chur agus inspioráid a fháil ó dhaoine eile.
- **Seisiúin eolais do mhúinteoirí**: Cláraigh le haghaidh seisiún eolais ar líne faoi stiúir múinteoirí a d'eagraigh #ThinkLanguages, chun smaointe a fháil agus chun ceisteanna a chur.
- **Pobail Chleachtais do Mhúinteoirí**: Glac páirt san fhóram ar líne do mhúinteoirí chun smaointe a roinnt do Sheachtain #ThinkLanguages. Coinnigh súil ar ár meáin shóisialta chun eolas faoi dhátaí agus faoi chlárú do Phobail Chleachtais agus do sheisiúin eolais.
- **Físeáin ina bhfuil noda do mhúinteoirí**: Tá sraith 4 fhíseán (níos giorra ná 2 nóiméad) ina bhfuil eolas simplí faoi #ThinkLanguages ar fáil ar líne. San áireamh ann tá físeán do scoláirí a chuideoidh leat an Fhoireann Seaimpíní a earcú!

### Do mhúinteoirí agus scoláirí:


- **Rianaire Pleanála Foirne Seaimpíní**: Íoslódáil an uirlis áisiúil phleanála chun cuidiú leat súil a choinneáil ar an liosta de rudaí le déanamh.
- **Ceisteanna Coitianta**: Féach ar na ceisteanna coitianta ar **languagesconnect.ie/thinklanguages-faqs**
- **Seoladh ríomhphoist**: Déan teagmháil le **thinklanguages@ppli.ie** chun nascadh lenár bhfoireann tacaíochta maidir le ceist ar bith.

# Acmhainní Bolscaireachta

## Úsáid na hacmhainní seo chun d'fhéile Sheachtain #ThinkLanguages a chur chun cinn.


- **Póstaeir**: Fuair tú póstaeir sa phacáiste tosaigh. Cuir suas thart ar an scoil iad chun daoine a chur ar an eolas faoi Sheachtain #ThinkLanguages.
- **Pacáiste Imeachta Féile**: Gheobhaidh tú an pacáiste seo go luath i mí na Samhna. Tá réimse nithe ann a dhéanfaidh an fhéile níos beoga. San áireamh ann tá stiallbhratacha, T-léinte Foireann Seaimpíní, teangacha spraíúla fillte, agus tuilleadh.
- **Preasráiteas samplach**: Íoslódáil é seo ag languagesconnect.ie/thinklanguages-downloads. Déan eagar air mar is cuí agus cuir chuig an nuachtán, stáisiún raidió áitiúil é chun insint dóibh faoin imeacht.
- **Teastais rannpháirtíochta**: Is féidir iad seo a thabhairt amach do scoláirí atá rannpháirteach i rith Sheachtain #ThinkLanguages nó mar chuid de cheiliúradh na hIdirbhliana ag deireadh na bliana.












# Acmhainní Cláir

## Féach ar na hacmhainní thíos agus smaoinigh ar na nithe is féidir a chur san áireamh i do chlár imeachta Sheachtain #ThinkLanguages.


- **Searmanas oscailte**: Tosaigh imeacht Sheachtain #ThinkLanguages leis an bhfíseán inspioráideach 30 nóiméad seo. Tugann sé léargas ó dhaoine a bhfuil buntáistí a dteanga feicthe acu ina saol agus ina ngairmeacha. Beidh tú ábalta teacht ar an bhfíseán i mí na Samhna ar **languagesconnect.ie/thinklanguages**
- **Tráth na gCeist idirghníomhach de chuid #ThinkLanguages**: Bí páirteach sa tráth na gceist spraíúil seo i gcoinne scoileanna ar fud na tíre chun fáil amach cé aige a bhfuil an t-eolas is fearr faoi theangacha! Maireann an tráth na gceist seo – atá bunaithe ar theangacha – ar feadh 30 nóiméad, agus beidh sé ar siúl faoi dhó gach lá i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Seolfar sonraí agus naisc don tráth na gceist chuig scoileanna atá cláraithe i mí na Samhna.
- **Ceardlanna réamhthaifeadta**: Déan iniúchadh ar na ceardlanna ar líne atá dírithe ar theangacha agus ar chultúir, ar lch 11 den lámhleabhar seo agus ar ár suíomh gréasáin.
- **Páirtithe #ThinkLanguages**: Tá roinnt gníomhaíochtaí iontacha ar fáil ag páirtithe #ThinkLanguages in Institiúid Scannán na hÉireann agus in ollscoileanna ar fud na tíre. Is féidir iad a chur leis an gclár féile. Léigh tuilleadh ar na leathanaigh a leanann.

### Ceardlanna beo aghaidh ar aghaidh


Cuirfidh foireann #ThinkLanguages na ceardlanna beo, a mbíonn an-tóir orthu i gcónaí, ar fáil do roinnt scoileanna. Má léirigh tú suim iontu agus tú ag clárú, seans go ndéanfaimid teagmháil leat i rith mhí Dheireadh Fómhair chun a chur in iúl duit go mbeidh éascaitheoir ceardlainne beo i do scoil.

Tabhair faoi deara: Mar go bhfuil teorainn leis an líon ceardlanna beo, beidh ort glacadh leis an gcuireadh taobh istigh den am a thugtar nó gheobhaidh scoil eile tairiscint na ceardlainne. Cinntíonn sé seo go mbeidh deis ag an líon is mó scoileanna is féidir ceardlann bheo a fháil.






# Ceardlanna ar líne




**Tá réimse leathan ceardlann againn, agus tá baint acu le teangacha agus cultúir, agus is féidir iad a chur i d'imeacht. Déan iniúchadh ar rud éigin éagsúil, nó teanga a bhfuil taithí ag scolairí uirthi, ó dhearcadh nua! Féach ar an liosta teideal thíos.**




## Ceardlanna atá ar fáil:

- Araibis agus Damhsa Boilg
- Ealaín Shíneach
- Sínis
- Danmhairgis agus dearadh
- Fraincis agus Cuisine
- Fraincis agus Faisean
- Fraincis agus Beachaireacht Nádúrtha
- Gearmáinis agus Tithíocht Éighníomhach
- Arán Gearmánach
- Gearmáinis, Kaffee und Kuchen
- Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Ginearálta
- Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Fraincis
- Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Gearmáinis
- Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Spáinnis
- Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Iodáilis
- Teanga Chomharthaíocht na hÉireann
- Iodáilis agus Cuisine
- Seapáinis
- Gréigis
- Polainnis
- Portaingéilis agus Capoeira
- Ruisis agus Bailé do thosaitheoirí
- Spáinnis agus Flamenco
- Spáinnis agus Peil
- Spáinnis agus Tapas

### Nod don Fhoireann Seaimpíní

Tá sonraí iomlána maidir leis an méid atá ag teastáil agus an leibhéal ar a bhfuil sé dírithe ar fáil i leabhrán is féidir a íoslódáil ag **languagesconnect.ie/thinklanguages-downloads**

Scan an cód QR chun an leabhrán ceardlann a íoslódáil.

D'fhéadfá an liosta ceardlainne agus achoimrí a roinnt leis na scoláirí eile i do rang agus vóta a chaitheamh ar son na gceardlann ba mhaith libh a chur in bhur n-imeacht.

# #ThinkLanguages ar Champas

**Tá ollscoileanna fud fad na tíre ag glacadh páirt i Seachtain #ThinkLanguages 2024 trí imeachtaí a chur ar siúl ar an gcampas, trí cheardlanna a chur ar fáil do scoileanna, trí aoichainteoirí a chur ar fáil do scoileanna, agus tuilleadh. Bí rann-pháirteach chun tuairim a fháil ar an méid a bheadh i gceist le staidéar a dhéanamh ar theangacha ag an tríú leibhéal.**

D'fhéadfadh do scoil cuairt a eagrú ó ambasadóir scoláirí i rith Sheachtain #ThinkLanguages, nó turas a eagrú chuig ollscoil le haghaidh ceardlann speisialta agus chun níos mó a fháil amach faoin saol mar mhic léinn teanga. Tugann sé seo deis do scoláirí Idirbhliana iniúchadh a dhéanamh ar an gcoláiste agus ar chonair ghairme le teangacha.

Déanfaidh scoileanna agus ollscoileanna teagmháil go díreach chun gníomhaíochtaí a eagrú do scoláirí i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Faigh amach cad atá ar fáil i do réigiún ar **languagesconnect.ie/thinklanguages-partners** nó trí theagmháil a dhéanamh le hoifigeach teagmhála in ollscoil áitiúil.















## Tá liosta oifigigh teagmhála ollscoile de chuid #ThinkLanguages thíos

| Ollscoil | Teagmháil | Ríomhphost |
|---|---|---|
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Dr Elena Lopez | elena.me.lopez@dcu.ie |
| Ollscoil Mhaigh Nuad | Dr Loïc Bourdeau | loic.bourdeau@mu.ie |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan | Sheree Borge | sheree.borge@mtu.ie |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | Li Ping Varley<br>Monica Rudi Kent | liping.varley@setu.ie<br>monica.rudikent@setu.ie |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Dr Susana Olmos | susana.olmos@tudublin.ie |
| Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath | Dr Rachel Hoare<br>Zoë Coleman | rmhoare@tcd.ie<br>colemanz@tcd.ie |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | Dr Derval Conroy<br>Dr Anna Nunan<br>Prof Michael Brophy | derval.conroy@ucd.ie<br>anna.nunan@ucd.ie<br>michael.brophy@ucd.ie |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | Dr Silvia Ross<br>Margot Spencer | s.ross@ucc.ie<br>m.spencer@ucc.ie |
| Ollscoil  na Gaillimhe | Dr Francesca Nicora<br>Suzanne Gilsenan | francesca.nicora@universityofgalway.ie<br>suzanne.gilsenan@universityofgalway.ie |
| Ollscoil Luimnigh | Catherine Jeanneau | catherine.jeanneau@ul.ie |

Trinity College Dublin — Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath — The University of Dublin; UCD Dublin; DCU Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University; TU Dublin; Maynooth University National University of Ireland Maynooth; University of Limerick Ollscoil Luimnigh; MTU Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan Munster Technological University; UCC University College Cork, Ireland Coláiste na hOllscoile Corcaigh; SETU; Ollscoil na Gaillimhe University of Galway

# #ThinkLanguages ag an bpictiúrlann

**Féach ar theangacha ag teacht chun beatha i scannáin! Is í seo an dara bliain den chomhoibriú le hInstitiúid Scannán na hÉireann, agus tá clár faoi leith scannán acu do Sheachtain #ThinkLanguages, mar aon le raon roghanna chun gur féidir leat clár scannán a chur le chéile – ó scannáin ag an bpríomhphictiúrlann i mBaile Átha Cliath agus in ionaid réigiúnacha, go seirbhís sruthaithe do scoileanna.**




Uaireanta tagann athruithe ar na scannáin atá le feiceáil.

Is í Institiúid Scannán na hÉireann an institiúid chultúrtha náisiúnta do scannáin. Sna cláir éagsúla atá acu i bpictiúrlanna agus ar líne, cuireann siad na scannáin náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr os comhair lucht féachana de gach aois. Is liosta a cuireadh le chéile go speisialta do scoláirí é Clár Scoile ISÉ. Bíonn sé ar siúl san ISÉ, go náisiúnta in ionaid atá ina bpáirtithe agus ar an ardán sruthaithe ar líne IFI@Schools.

Glac chugaibh féin teanga agus cultúr trí theanga uilíoch na scannán an tSeachtain #ThinkLanguages seo! Eagraigh turas chuig an ionad ealaíne áitiúil le féachaint ar scannán i dteanga eile, glac seans ar thaispeáint mhistéireach ag an ISÉ i mBaile Átha Cliath, nó eagraigh taispeáint sa seomra ranga ar IFI@Schools.

Irish Film Institute

the arts council / an chomhairle ealaíon — funding the art of film

## Dhá bhealach iontacha le bheith páirteach: téigh chuig an bpictiúrlann, nó tabhair an phictiúrlann isteach sa scoil!

### Ionaid ar fud na hÉireann

D'fhreastail breis agus 3000 scoláire ar scannáin i bhFraincis, i nGearmáinis, i Spáinnis agus i gCóiréis i rith Sheachtain #ThinkLanguages 2023 in Institiúid Scannán Éireann i mBaile Átha Cliath, agus in dhá ionad réigiúnacha timpeall na tíre.

Beidh tuilleadh eolais, sonraí gach ionad réigiúnach a bheidh páirteach i mbliana, agus eolas faoi conas ticéid a chur in áirithe, ar fáil ar **languagesconnect.ie/ thinklanguages-partners**

### IFI@Schools


Is ardán uathúil sruthaithe é IFI@Schools a bhfuil mar aidhm aige roinnt de na scannáin Éireannacha agus idirnáisiúnta a thabhairt díreach isteach sa seomra ranga. I scoileanna nach bhfuil ábalta freastal ar thaispeáint bheo i rith Sheachtain #ThinkLanguages, tá ráta speisialta laghdaithe ar fáil do scoileanna ónár gcairde in ISÉ. Faigh tuilleadh eolais ag **languagesconnect.ie/ thinklanguages-partners**









Céim 3

# Déan plean agus Cuir chun cinn é

**Anois tá a fhios agat cad atá ar fáil uainn agus ónár bpáirtithe, tá sé in am don Fhoireann Seaimpíní plean a dhéanamh agus fáil amach conas is féidir beocht a chur i d'fhéile.**




## Tosaigh ag pleanáil

- Socraigh cé acu lá (laethanta) de Sheachtain #ThinkLanguages a bheidh gníomhaíochtaí ar siúl
- Úsáid rianaire pleanála Fhoireann Seaimpíní agus na cártaí tascanna chun tacú leat san eagrú
- Pléigh na hacmhainní ar fad agus socraigh ar na nithe a chuirfidh tú san áireamh san imeacht

## Smaoinigh go háitiúil

Smaoinigh ar na naisc atá agat nó na naisc is féidir a dhéanamh i do scoil agus i do phobal. Smaoinigh ar aon duine a d'fhéadfadh ról a ghlacadh i Seachtain #ThinkLanguages s'agatsa.

- Déan taighde le fáil amach cé mhéad teanga a labhraíonn scoláirí i do scoil, nó cé mhéad scoláire i do scoil atá ilteangach
- Labhair le scoláirí eile, tuismitheoirí – an bhféadfadh siad frásaí ina dteanga dhúchais, béile óna gcultúr a dhéanamh agus a léiriú, nó uirlis thraidisiúnta a sheinm?
- Déan iniúchadh ar ghnóthaí áitiúla – seans go bhféadfá teacht ar dhuine a dhéanfadh ceardlann, nó a thabharfadh caint ar theangacha ina g(h)airm
- Tabhair cuairt ar bhunscoil áitiúil agus tabhair caint nó ceacht bunúsach teanga

## Cuir d'fhéile chun cinn

Ná déan dearmad daoine a chur ar an eolas faoin imeacht!

- Cuir an t-imeacht chun cinn ar scáileáin scoile
- Cuir suas na póstaeir ón bpacáiste tosaigh
- Iarr ar an múinteoir a bhfuil freagracht na meán sóisialta air/uirthi ábhar faoin imeacht a roinnt
- Tabhair cuireadh do ghrianghrafadóir, stáisiún raidió nó tuairisceoir nuacht áitiúil tuairisc a dhéanamh ar an lá agus é a roinnt leis an bpobal



**An bhfuil inspioráid uait?**

Is féidir teacht ar thuilleadh inspioráid ó ghníomhaíochtaí a d'eagraigh scoláirí agus scoileanna roimhe seo ar **languagesconnect.ie/thinklanguages**

## Céim 4

# Beachtaigh an clár agus cuir isteach ar chomórtas Fhoireann Seaimpíní

**Mionathraigh an t-imeacht, agus déan Seachtain #ThinkLanguages chomh maith agus is féidir leis a bheith. Ansin cuir isteach ar Chomórtas Fhoireann Seaimpíní le clár na féile chun seans a fháil turas go dtí an Bhruiséil a bhuachan!**

### Cad a dhéanann clár iontach Sheachtain #ThinkLanguages?

Agus Seachtain #ThinkLanguages á tabhairt chun críche agat, smaoinigh ar na nithe a leanas:

- Déan iniúchadh ar an raon saibhir teangacha a úsáidtear ar scoil agus sa phobal. Cuir ar taispeáint é.
- Bain tairbhe as na bronntanais a chuir páirtithe #ThinkLanguages ar fáil
- Plean cuairt ar ollscoil áitiúil nó tabhair cuireadh d'ambasadóirí teanga scoláirí teacht chuig an scoil
- Cuir turas chuig an bpictiúrlann san áireamh chun féachaint ar scannán i dteanga iasachta, nó cuir ceann ar siúl i do scoil féin
- Déan naisc le daoine i do scoil agus i do phobal – an féidir leat ceardlann a eagrú nó cuireadh a thabhairt do dhuine caint a thabhairt
- Déan ceiliúradh ar théamaí #ThinkLanguages.
- Spreag scoláirí na hIdirbhliana ar fad le bheith páirteach

### An tslí a n-oibríonn an comórtas

- Ullmhaigh an iontráil ar an gcomórtas tríd an bhfoirm iontrála a líonadh **languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions**
- Iarrtar ar bhaill Foireann Seaimpíní sonraí a thabhairt faoin ról atá acu go pearsanta, faoi chlár na féile, agus faoi éargas ar an gcinnteoireacht don chlár
- Cuir isteach foirm iontrála an chomórtais ar ríomhphost chuig **thinklanguages@ppli.ie** faoin **25 Aoine Deireadh Fómhair 2024**

### An tslí a ndéantar moltóireacht ar an gcomórtas

Déanfar athbhreithniú ar gach iontráil agus déanfar moltóireacht ar:

- An tslí a ndearna Foireann Seaimpíní iniúchadh ar theangacha agus ar chultúr tríd an imeacht
- Ceiliúradh ar théamaí #ThinkLanguages
- Caidreamh leis an bpobal scoile agus áitiúil
- Cur chun cinn an imeachta
- Gníomhaíochtaí páirtithe #ThinkLanguages san áireamh ann

### An rud a tharlaíonn anois


- Cuirfidh ár bpainéal moltóirí líon beag scoileanna ar ghearrliosta le haghaidh cuairt mholtóra i rith Sheachtain #ThinkLanguages
- Tabharfar cuireadh do na Foirne Seaimpíní #ThinkLanguages is fearr a gcuid foghlama a chur i láthair ag imeacht bronnta duaiseanna i mí Eanáir 2025
- Bronnfar an duais tharraingteach ar an bhFoireann Seaimpíní bhuacach ag an searmanas seo




## Foirm Iontrála Comórtais don Fhoireann Seaimpíní

Íoslódáil ár bhFoirm Iontrála Comórtais don Fhoireann Seaimpíní de chuid #ThinkLanguages agus úsáid í chun d'fhéile #ThinkLanguages a eagrú. Déan plean do dhátaí na féile, gníomhaíochtaí, amanna, fad gach imeachta agus ionad. Tá an fhoirm iontrála seo ar fáil le híoslódáil ar **languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions**

Cuir an fhoirm líonta chuig **thinklanguages@ppli.ie** roimh **5 i.n. 25 Dé hAoine, Deireadh Fómhair 2024,** le seans a fháil turas a bhuachan go dtí an Bhruiséil! Faigh inspioráid ón gclár samplach thíos.




## Roinn 3 **Clár na Féile**

### Clár sonraithe na Féile

Tabhair achoimre ar do Chlár Féile thíos. Cuir san áireamh ann liosta gníomhaíochtaí a eagróidh tú mar aon le dátaí, am agus áit. Déan tagairt don chlár samplach sa Lámhleabhar Pleanála mar threoir.

| Lá agus dáta | Ainm gníomhaíochta | Am agus fad | Áit |
|---|---|---|---|
| Dé Máirt 19 Samhain | Searmanas Oscailte #ThinkLanguages | 9:40 | Halla na scoile |
| Dé Máirt 19 Samhain | Aoichainteoir ó ghnó áitiúil | 10:20 | Seomra ranga |
| Dé Máirt 19 Samhain | Frásaí Mandairínise (ceardlann treoraithe ag scoláirí) | 11:10 | An Halla Spóirt |
| Dé Máirt 19 Samhain | Portaingéilis agus Capoeira (Ceardlann ar líne de chuid #ThinkLanguages) | 11:50 | Halla na scoile |
| Dé Máirt 19 Samhain | Polainnis agus bia (ceardlann treoraithe ag scoláirí) | 14:00 | Seomra ranga |
| Dé Máirt 19 Samhain | Taispeántas Bia Francach | 14:40 | Cistin na hEacnamaíochta Baile |
| Dé Céadaoin 20 Samhain | Turas chuig ISÉ do scannán Sheachtain #ThinkLanguages, Ateangaireacht leis an AE | Tráthnóna | Pictiúrlann |
| Déardaoin 21 Samhain | Ateangairí: Gearmáinis (Ceardlann ar líne de chuid #ThinkLanguages) | 9:40 | Seomra ranga |
| Déardaoin 21 Samhain | Iarscoláire: Mo staidéar teanga ag Coláiste na hOllscoile agus ina dhiaidh | 10:20 | Halla na scoile |
| Déardaoin 21 Samhain | Bácáil ón Úcráin (ceardlann treoraithe ag scoláirí) | 11:10 | Cistin na hEacnamaíochta Baile |
| Déardaoin 21 Samhain | Spórt agus teangacha oirdheisceart na hÁise (áisitheoir áitiúil) | 11:50 | An Halla Spóirt |
| Déardaoin 21 Samhain | Tráth na gCeist náisiúnta ar líne de chuid #ThinkLanguages | 14:00 | Seomra ranga |
| Déardaoin | Teangacha i mo ghairm | | |

# Buaigh turas go dtí an Bhruiséil

**Turas spreagúil go dtí an Bhruiséil – sin an duais iontach atá i gcomórtas Foireann Seaimpíní na bliana seo. Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha tar éis maoiniú a dhéanamh ar an duais mar chuid de straitéis Ghairme san AE.**




## Faoin duais

San áireamh sa turas, nach ndéanfá ach uair amháin i do saol, go croí ilchultúrtha na hEorpa tá:

- Eitiltí agus lóistín dhá oíche don fhoireann bhuacach (seisear scoláirí agus beirt mhúinteoirí taca ar a mhéad)
- Turas chuig Coimisiún na hEorpa chun léargas a fháil ar phost san AE!
- Turas thart ar iontais na Bruiséile, an Atomium, agus an Grand Place fíorálainn, mar shampla
- Déan do sheacláid féin ag choclaterie
- Airgead do bhéilí, aistrithe aerfoirt agus airgead póca
- Árachas taistil



Tá sé an-éasca cur isteach ar an gcomórtas! Cuir isteach do chlár féile mar chuid den fhoirm iontrála faoin Aoine, 25 Deireadh Fómhair 2024. Chun teacht ar na téarmaí agus na coinníollacha iomlána, téigh chuig **languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions**



### Ná déan dearmad

Déan cinnte go gcoinníonn tú súil ar ár meáin shóisialta, agus bí ag faire amach d'uasdátú ar ríomhphoist ina mbeidh eolas tábhachtach ar Chomórtas Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages.



## A Career for EU
## Gairm san AE

### Gairm san AE? B'fhéidir?

Ar smaoinigh tú riamh ar obair a fháil leis an AE? Tá réimse leathan gairmeacha le roghnú astu. Tá straitéis na Roinne Gnóthaí Eachtracha 'Gairm san AE' ag díriú ar líon na nÉireannach in institiúidí AE a mhéadú. Más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoi ghairm san AE, faoi na céimeanna is gá daoibh a thógáil chun an chonair seo a leanúint, agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil, féach ar **ireland.ie/eu-jobs** nó lean ar Twitter/X **@EUJobsIreland iad**





## Céim 5

# Bain sult as Seachtain #ThinkLanguages




**Anois níl le déanamh agat ach na sonraí deireanacha a eagrú don imeacht! Tá an phleanáil déanta, tá an clár dearbhaithe, agus tá an scoil beo le gníomhaíochtaí Sheachtain #ThinkLanguages! Beidh roinnt bheag rudaí a bheidh ar Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages a dhéanamh le cinntiú go n-éiríonn go geal leis an bhféile.**




- Ullmhaigh na seomraí ina mbeidh gníomhaíochtaí ag tarlú.
- Cuir fáilte roimh aíonna nuair a shroicheann siad an scoil
- Déan seiceáil ar theilgeoirí agus fuaim. Socraigh agus déan tástáil ar ghníomhaíochtaí ar líne
- Déan plean maidir le hábhair phromóisin a sheachadadh
- Glac grianghraif agus físeáin agus roinn ar líne, cinntigh go gclibeálann tú muid, agus úsáid an haischlib **#ThinkLanguages**
- Déan ceiliúradh agus bain sult as an imeacht atá cruthaithe agat don scoil!










## Noda áisiúla don lá

- **Nod 1:** Má tá aoichainteoirí ag teacht chuig an scoil, tabhair comhairle ar pháirceáil dóibh.
- **Nod 2:** Bíodh seicliosta don imeacht agat. Roinn na scoláirí i ngrúpaí agus bíodh a fhios agat cé na scoláirí atá le ceardlann faoi leith a dhéanamh ag gach céim den fhéile.
- **Nod 3:** Caith bróga compordacha mar go bhfuil seans ann go mbeidh tú ag bogadh thart an lá ar fad, má tá ceardlanna éagsúla ar siúl ag an am céanna!




**Déan cinnte go gcilbeálann tú muid ar na meáin shóisialta agus an haischlib #ThinkLanguages in úsáid.**

- @LanguagesConnect.ie
- @langsconnect_ie
- @languagesconnect




CAREERS IN THE EU
www.dfa.ie/eujobs
www.dfa.ie/eujobs




Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages


Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages


Languages Connect




Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages




#ThinkLanguages


Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages


Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Boosting
Life Skills
#ThinkLanguages

## Bainisteoir Taighde

Baineann an ról seo le taighde a dhéanamh ar na teangacha a labhraítear i do scoil agus i do cheantar áitiúil, agus conas is féidir leo cur le d'imeacht Sheachtain #ThinkLanguages.

### Tascanna agus freagrachtaí:

- Déan taighde le foghlaim cé mhéad teanga a labhraíonn scoláirí i do scoil nó cé mhéad scoláire i do scoil atá ilteangach.
- Déan taighde ar dhaoine nó ar eagraíochtaí i do cheantar áitiúil, leithéidí ollscoileanna, gnóthaí, nó clubanna a chuireann seirbhísí ar fáil i nuatheangacha iasachta, agus oibrigh leis an mBainisteoir Gníomhaíochtaí le teagmháil a dhéanamh leo agus cuireadh a tabhairt dóibh chuig d'imeacht.
- Aimsigh bealaí chun na sonraí atá bailithe agat a thaispeáint ag an imeacht, m.sh., ar phóstaeir, nó cur i láthair, le sonraí suimiúla faoi theangacha i do scoil.
- Aimsigh siopaí áitiúla nó bialanna i do cheantar a bheadh sásta cuidiú le himeacht #ThinkLanguages, m.sh. Bialann Iodálach, siopa Brasaíleach agus mar sin de.
- B'fhéidir go mbeidh do chuidiú de dhíth ar an mBainisteoir Amchláir agus Bainisteoir Gníomhartha chun teacht ar chainteoirí agus am a eagrú dóibh; bí cinnte go roinneann tú an taighde leis an bhFoireann Seaimpíní.

## Captaen na Foirne Seaimpíní

Baineann an ról seo le ceannaireacht, sampla a thabhairt agus tacú le gach ball den Fhoireann Seaimpíní chun an t-imeacht a dhéanamh chomh spreagúil rathúil agus is féidir leis a bheith.

### Tascanna agus freagrachtaí:

- Cruinnigh an Fhoireann Seaimpíní go minic chun plé a dheanamh ar an imeacht , agus ar na tascanna atá le déanamh.
- Cruthaigh dearcadh agus timpeallacht dearfach thart ar Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages.
- Bí i d'urlabhraí don imeacht i do scoil, spreag scoláirí eile agus múinteoirí don imeacht.
- Oibrigh go dlúth leis na múinteoirí taca, is tusa an pointe teagmhála dóibh.
- Bí cairdiúil le gach ball den fhoireann.
- Coinnigh súil ar spriocdhátaí imeachta agus comórtais.
- Ná déan dearmad! An chéad chéim le seans a bheith ag an bhfoireann turas thar lear a bhuachan ná an clár féile a chur isteach. Faigh amach cén spriocdháta atá ann don iontráil agus oibrigh leis an mBainisteoir Amchlár chun an fhoirm iontrála don Chomórtas Foirne Seaimpíní a líonadh.

## Bainisteoir Amchláir Féiler

Baineann an ról seo le himeachtaí an lae a phleanáil, agus le obair na mball foirne a comhordú chun go n-éireoidh go breá le gach rud.

### Tasks and responsibilities:

- Socraigh an lá/na laethanta i rith Sheachtain #ThinkLanguages a mbeidh d'imeacht ar siúl.
- Labhair leis na Bainisteoirí Gníomhaíochtaí agus Táirgthe le fáil amach cá fhad a mhairfidh gach gníomhaíocht agus imeacht, cén fearas atá ag teastáil agus cá fhad a ghlacfaidh sé é a shocrú, cén t-am a bheidh na ceardlanna agus cainteoirí ar fáil.
- Seans go mbeidh ort an bliainghrúpa a chur i ngrúpaí níos lú, nó an ndéanfaidh gach duine na gníomh-aíochtaí le chéile? Cuir é sin san áireamh san amchlár.
- Cruthaigh clár na féile – beidh sé sin ag teastáil don iontráil foirne i gComórtas na Foirne Seaimpíní. Bí cinnte go bhfaighidh tú aiseolas agus smaointe ó gach duine sula gcuirfidh tú i gcrích é.
- Coinnigh súil ar an am i rith d'imeachta i Seachtain #ThinkLanguages agus cinntigh go bhfuil gach duine ag cloí leis an amclár.

## Bainisteoir Margaíochta & Meáin Shóisialta

Baineann an ról seo leis an imeacht a chur chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh air, roimh Sheachtain #ThinkLanguages, lena linn agus ina dhiaidh.

### Tasks and responsibilities:

- Foghlaim tuilleadh faoi mheáin shóisialta na scoile agus faoi cé atá i gceannas orthu – beidh a gcuidiú de dhíth chun an scéal a scaipeadh faoin imeacht!
- Déan taighde ar theicnící meán sóisialta agus ar theicnící margaíochta agus cuir plean le chéile chun an t-imeacht a chur chun cinn.
- Socraigh cé a bheidh ar an eolas faoin imeacht – scoláirí/múinteoirí/tuismitheoirí/an pobal – agus smaoinigh ar na bealaí is fearr chun an scéal a chur chucu.
- Smaoinigh ar bhealaí eile chun an t-imeacht a chur chun cinn ar scoil – póstaeir nó fógra ar idirchum na scoile nó i nuachtán áitiúil.
- Féach ar na hacmhainní atá ar fáil ar **languagesconnect.ie/thinklanguages** agus faigh amach gach rud faoi chomórtas na meán sóisialta.

## Bainisteoir Gníomhaíochtaí

Baineann an ról seo le cinneadh a ghlacadh faoi na cineálacha gníomhaíochtaí nó ceardlann a bheidh san áireamh i d'imeacht agus le hoibriú le baill eile na Foirne Seaimpíní chun rudaí a shocrú dóibh.

### Tasks and responsibilities:

- Smaoinigh ar aon scoláire/tuismitheoir/mhúinteoir a bheadh ábalta labhairt ag ceardlann nó ceann a reáchtáil. Déan teagmháil leo agus tabhair cuireadh dóibh.
- Agus na sonraí dearbhaithe leis an mBainisteoir Amchláir, roinn an t-eolas ar fad leis na cainteoirí agus áisitheoirí ceardlann.
- Seiceáil leis an mBainisteoir Táirgthe le cinntiú go bhfuil an fhoireann, an scoil agus na seomraí réidh do na gníomhaíochtaí.
- Bí cinnte go n-insíonn tú do na scoláirí a bheidh ag freastal ar cheardlann faoi aon fhearas is gá dóibh a thabhairt leo.
- Déan iniúchadh ar na ceardlanna ar líne agus roghnaigh ceann, mar aon le gníomhaíochtaí don imeacht Sheachtain #ThinkLanguages, mar shampla, féachaint ar scannán i dteanga iasachta sa phictiúrlann áitiúil le ISÉ nó dul chuig campas ollscoile áitiúil.

## Bainisteoir Táirgthe

Baineann an ról seo leis an bhfearas ar fad a bheidh de dhíth don imeacht a eagrú, seomraí a chur in áirithe agus a chinntiú go bhfuil gach spás réidh don imeacht.

### Tasks and responsibilities:

- Tar éis labhairt leis an mBainisteoir Gníomhaíochtaí, cruthaigh liosta den fhearas ar fad a bheidh de dhíth do gach gníomhaíocht don imeacht Sheachtain #ThinkLanguages.
- Smaoinigh faoi na seomraí/spásanna (m.sh. halla spóirt nó cistin) a bheidh de dhíth agus labhair leis na baill foirne cuí chun iad a chur in áirithe do lá an imeachta.
- An bhfuil scáileáin, teilgeoirí, callairí, nó micreafóin de dhíth don imeacht? Má tá, cinntigh go bhfuil cead agat iad a úsáid agus go bhfuil a fhios agat conas iad a shocrú.
- Déan babhta tobsmaointeoireachta leis an bhfoireann maidir le maisiúchán do na seomraí agus hallaí d'imeacht na scoile. Déan plean go mbeidh sé go léir déanta do Sheachtain #ThinkLanguages.

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Bainisteoir
Margaíochta &
Meáin Shóisialta

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Bainisteoir
Amchláir Féile

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Bainisteoir
Táirgthe

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Bainisteoir
Gníomhaíochtaí

# Cártaí Tascanna Foireann Seaimpíní

Ar na cártaí seo tá róil agus freagrachtaí molta don seisear ar an bhFoireann Seaimpíní. Is féidir iad a ghearradh amach agus a cheangal leis na láinnéir sa phacáiste ionas go mbeidh treoir áisiúil ag gach ball do na nithe atá le déanamh!

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Captaen na Foirne Seaimpíní

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Bainisteoir Taighde

# #ThinkLanguages Week

## Think Global Act Local

@LanguagesConnect.ie
@langsconnect_ie
@languagesconnect
youtube.com/languagesconnect

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig
languagesconnect.ie/thinklanguages

Arna seachadadh ag
Teangacha Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary Languages Ireland

Le tacaíocht ó:
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland